Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8316/26**

**ENV 370**
**MI 356**
**IND 259**
**CONSOM 124**
**COMPET 446**
**MARE 9**
**PECHE 124**
**RECH 175**
**SAN 227**
**ENT 76**
**ECOFIN 489**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 160 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir le tuairisciú na mBallstát ar earraí plaisteacha aon úsáide agus ar threalamh iascaireachta faoi Threoir (AE) 2019/904 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 160 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 160 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.4.2026
COM(2026) 160 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

## maidir le tuairisciú na mBallstát ar earraí plaisteacha aon úsáide agus ar threalamh iascaireachta faoi Threoir (AE) 2019/904

**Athbhreithniú** ar na **sonraí agus** ar an **bhfaisnéis** a thuairiscítear i gcomhréir le hAirteagal 13(3) de **Threoir (AE) 2019/904** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le **laghdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol**

# Clár


1. Cúlra agus cuspóir na tuarascála ..... 1
2. Torthaí an tuairiscithe ..... 1

Forbhreathnú de réir míre ..... 4

Mír A: Méideanna cupán le haghaidh deochanna agus coimeádán bia a cuireadh ar an margadh ..... 4

Mír B: Bearta laghdaithe tomhaltais do chupáin le haghaidh deochanna agus coimeádáin bhia ..... 8

Mír C: Buidéil deochanna phlaisteacha aon úsáide a bhailiú ar leithligh ..... 10

Mír D: Méideanna trealaimh iascaireachta ina bhfuil plaisteach a cuireadh ar an margadh agus a bailíodh mar dhramhaíl ..... 12

3. Bailiú sonraí a eagrú agus cáilíocht sonraí ..... 14

Bailiú sonraí a eagrú ..... 14

Cáilíocht sonraí ..... 15

Foinsí agus modheolaíochtaí sonraí ..... 15

Iomláine ..... 16

Iontaofacht ..... 16

Tráthúlacht ..... 17

Comhsheasmhacht ..... 18

4. Moltaí le haghaidh feabhsaithe ..... 18
5. Conclúidí ..... 19
6. Iarscríbhinní ..... 20

Iarscríbhinn 1: Bearta laghdaithe tomhaltais de réir catagóire agus fochatagóire (mír (b)) ..... 20

Iarscríbhinn 2: Bearta lena leagtar síos spriocanna cainníochtúla chun tomhaltas cupán plaisteach aon úsáide le haghaidh deochanna agus coimeádán bia plaisteach aon úsáide a laghdú (mír (b)) ..... 24

Iarscríbhinn 3: Ráta bailithe ar leithligh do bhuidéil phlaisteacha aon úsáide (mír (c)) agus scéimeanna aisíoctha éarlaise atá i bhfeidhm ..... 26

Iarscríbhinn 4: Buidéil deochanna phlaisteacha aon úsáide a cuireadh ar an margadh agus a bailíodh ar leithligh, dearbhluachanna agus luachanna *per capita* (mír (c)) ..... 27

Iarscríbhinn 5: Sonraí arna dtuairisciú agus iad miondealaithe de réir ábhair agus chineál an trealaimh iascaireachta (mír (d)) ..... 28

Iarscríbhinn 6: Trealamh iascaireachta a cuireadh ar an margadh agus dramhthrealamh iascaireachta a bailíodh (mír (d)) i gcoibhneas le tonnáiste an chabhlaigh iascaireachta de réir tíre ..... 31

Iarscríbhinn 7: Institiúidí atá freagrach as tuairisciú agus dátaí tuairiscithe na Treorach maidir le Plaistigh Aon Úsáide ..... 32

Iarscríbhinn 8: Achoimre ar thorthaí an tsuirbhé a rinneadh do thíortha tuairiscithe ..... 34

Iarscríbhinn 9: Foinsí agus modheolaíochtaí sonraí ..... 37

Iarscríbhinn 10: Modhanna fíorúcháin agus fadhbanna cruinnis arna sainaithint ....................... 39

# 1. Cúlra agus cuspóir na tuarascála

Tá trí aidhm le Treoir 2019/904 ón Aontas Eorpach agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le laghdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol ('an Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide'): (i) an tionchar diúltach atá ag táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine a chosc agus a laghdú; (ii) geilleagar ciorclach a chur chun cinn; agus (iii) rannchuidiú le margadh inmheánach dea-fheidhmiúil.

Faoi Airteagal 13 den Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide, ceanglaítear ar na Ballstáit an fhaisnéis a leagtar amach i dTábla 1 a thuairisciú laistigh de 18 mí ó dheireadh na bliana tagartha ábhartha, mar aon le tuarascáil seiceála cáilíochta ina mbeidh tuairisc ar na modhanna a úsáidtear le haghaidh na ríomhanna agus le haghaidh fíorú agus rialú sonraí le cois nithe eile. Ghlac an Coimisiún sraith cinntí cur chun feidhme lena leagtar síos na modheolaíochtaí agus na formáidí le haghaidh na dtuarascálacha tuairiscithe sonraí agus na dtuarascálacha seiceála cáilíochta araon.

Soláthraítear leis an tuarascáil seo measúnú ar an bhfaisnéis a tuairiscíodh le haghaidh na bliana tagartha 2022, mar a leagtar síos, mar cheanglas, le hAirteagal 13(3) den Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide, a bhfuil a téacs leagtha amach thíos.

*Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis a thuairiscítear i gcomhréir leis an (13) Airteagal seo agus foilseoidh sé tuarascáil ar thorthaí an athbhreithnithe sin. Déanfar measúnú sa tuarascáil ar eagar um bailiúchán sonraí, ar fhoinsí na sonraí agus na faisnéise agus ar an modheolaíocht a úsáidtear sna Ballstáit mar aon le hiomláine, iontaofacht, tráthúlacht agus comhsheasmhacht na sonraí sin. Féadfar moltaí sonracha le haghaidh feabhais a áireamh sa mheasúnú. Déanfar an tuarascáil a tharraingt suas tar éis an chéad uair a thuairisceoidh na Ballstáit na sonraí agus an fhaisnéis agus ina dhiaidh sin ag na heatraimh a bheartaítear in Airteagal 12(3c) de Threoir 94/62/CE.*

Déantar an méid seo a leanas leis an tuarascáil freisin:

- soláthraítear forbhreathnú ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis a tuairiscíodh;
- déantar measúnú ar cháilíocht na sonraí i bhfianaise na gcritéar a liostaítear in Airteagal 13(3);
- tugtar moltaí maidir leis an gcaoi ar féidir feabhas a chur ar an tuairisciú sna blianta ina dhiaidh sin.

Thacaigh an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil leis an anailís atá mar bhonn taca leis an tuarascáil seo. Tá anailísí níos mionsonraithe le fáil sa tuarascáil leathnaithe (An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, 2025). Chomh maith le Ballstáit an Aontais, cumhdaítear leis an tuarascáil seo freisin sonraí agus faisnéis arna gcur isteach ag stáit de chuid Comhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) ar leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch iad (an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua).

# 2. Torthaí an tuairiscithe

Cuirtear i láthair sa roinn seo na sonraí tuairiscithe de réir na míre tuairiscithe (ó mhír (a) go mír (d) mar a léirítear i dTábla 1), arna bhforlíonadh le ríomhanna breise *per capita* agus luachanna iomlána. Tá an tacar iomlán sonraí agus faisnéise tuairiscithe le fáil anseo.

Ba cheart an fhaisnéis a chuirtear i láthair a mheas go cúramach mar thoradh ar mhodheolaíochtaí éagsúla a d'úsáid tíortha éagsúla agus mar thoradh ar fhadhbanna cruinnis (féach Caibidil 3 maidir le cáilíocht sonraí). Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh fiúntas ar leith ag baint le comparáidí idir thíortha (e.g. comparáid idir luachanna *per capita*). Mar sin féin, ríomhadh luachanna per capita agus iomlána do na tíortha a thuairiscigh ar an mír faoi seach chun forbhreathnú níos fearr a thabhairt ar an gcás reatha.

**Tábla 1: Oibleagáidí tuairiscithe de réir na Treorach maidir le Plaistigh Aon Úsáide.**

| Sonraí agus faisnéis | Dá dtagraítear sa tuarascáil seo mar | Bunús dlí le tuairisciú | Bliain tagartha | An chéad tuairisciú ag an BS dlite | Sprioc / cuspóirí |
|---|---|---|---|---|---|
| Méideanna arna gcur ar an margadh le haghaidh:<br>- cupáin le haghaidh deochanna<br>- coimeádáin bhia | Mír (a) | **Airteagal 13(a) den Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide**: Sonraí maidir leis na táirgí plaisteacha aon úsáide a liostaítear i gCuid A den Iarscríbhinn a chuirtear ar mhargadh an Bhallstáit gach bliain, chun an laghdú tomhaltais a léiriú i gcomhréir le hAirteagal 4(1).<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/162 ón gCoimisiún. | 2022 | Deireadh mhí an Mheithimh-2024 | Laghdú uaillmhianach marthanach (2022-2026).<br>Ina theannta sin, tacóidh na sonraí tuairiscithe leis an meastóireacht ar an Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide, lena n-áireofar measúnú ar an bhféidearthacht spriocanna ceangailteacha laghdaithe tomhaltais a thabhairt isteach do chupáin le haghaidh deochanna agus coimeádáin bhia. |
| Bearta a glacadh chun tomhaltas na nithe seo a leanas a laghdú:<br>- cupáin le haghaidh deochanna<br>- coimeádáin bhia | Mír (b) | **Airteagal 13(b) den Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide**: Faisnéis maidir leis na bearta a rinne na Ballstáit chun críocha Airteagal 4(1).<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/162 ón gCoimisiún. | 2022 | Deireadh mhí an Mheithimh-2024 | |
| Buidéil deochanna phlaisteacha aon úsáide a bhailiú ar leithligh | Mír (c) | **Airteagal 13(c) den Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide**: Sonraí maidir leis na táirgí plaisteacha aon úsáide a liostaítear i gCuid F den Iarscríbhinn a bhailítear ar leithligh sa Bhallstát gach bliain, chun baint amach na spriocanna i gcomhréir le hAirteagal 9(1) a léiriú.<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1752 ÓN gCOIMISIÚN. | 2022 | Deireadh mhí an Mheithimh-2024 | Faoi 2025, 77 %.<br>Faoi 2029, 90 %.<br>(gach ceann de réir meáchain) |
| Trealamh iascaireachta ina bhfuil plaisteach:<br>-méideanna arna gcur ar an margadh -méideanna arna mbailiú mar dhramhaíl | Mír (d) | **Airteagal 13(d) den Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide**: Sonraí maidir le trealamh iascaireachta ina bhfuil plaisteach a chuirtear ar an margadh agus maidir le dramhthrealamh iascaireachta a bhailítear sa Bhallstát gach bliain.<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/958 ón gCoimisiún. | 2022 | Deireadh mhí an Mheithimh-2024 | Níl aon sprioc ann, ach ceanglaítear ar na Ballstáit a bhfuil uiscí mara acu a rátaí bailithe náisiúnta bliantúla le haghaidh dramhthrealamh iascaireachta ina bhfuil plaisteach a shocrú le haghaidh athchúrsála ón 1 Eanáir 2025. Ina theannta sin, beidh na sonraí a tuairiscíodh in 2024 (le haghaidh 2022) mar bhonn do mheasúnú ar bhearta breise a d'fhéadfadh a bheith ann faoin meastóireacht ar an Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide, lena n-áirítear rátaí ceangailteacha bailithe a shocrú le haghaidh dramhthrealamh iascaireachta. |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Ábhar athchúrsáilte i mbuidéil deochanna phlaisteacha aon úsáide | Mír (e) | **Airteagal 13(e) den Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide**: Faisnéis maidir le hinneachar athchúrsáilte sna buidéil deochanna a liostaítear i gCuid F den Iarscríbhinn chun baint amach na spriocanna a leagtar síos in Airteagal 6(5) a léiriú.<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2683 ón gCoimisiún. | 2023 | Deireadh mhí an Mheithimh-2025 | Faoi 2025, 25 % i gcás buidéil deochanna phlaisteacha aon úsáide atá déanta as TPE.<br>Faoi 2030, 30 % i gcás na mbuidéal deochanna plaisteach aon úsáide uile. |
| Dramhaíl iarthomhaltais ó scagairí le haghaidh táirgí tobac | Mír (f) | **Airteagal 13(f) den Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide**: Sonraí maidir le dramhaíl iarthomhaltais na dtáirgí plaisteacha aon úsáide a liostaítear i Roinn III de Chuid E den Iarscríbhinn a bailíodh i gcomhréir le hAirteagal 8(3).<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2267 ón gCoimisiún. | 2023 | Deireadh mhí an Mheithimh-2025 | - |

## Forbhreathnú de réir míre

Thuairiscigh 29 dtír sonraí agus faisnéis faoin Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide le haghaidh 2022 (gach Ballstát den Aontas agus 2 thír CSTE-LEE). Leagtar amach na príomhthorthaí i dTábla 2.

**Tábla 2: Torthaí achoimre de réir míreanna tuairiscithe i dtaobh Bhallstáit an Aontais le haghaidh 2022.**

| | Curtha ar an margadh (mír (a)) | Bearta chun tomhaltas a laghdú (mír (b)) |
|---|---|---|
| **Cupáin le haghaidh deochanna agus coimeádáin bhia (míreanna (a) agus (b))** | De réir meáchain (sonraí ó 20 Ballstát den Aontas):<br>• 152 037 dtona plaisteach ó chupáin le haghaidh deochanna (0,46 kg *per capita*)<br>• 524 003 thona ó choimeádáin bhia (1,60 kg *per capita*)<br>De réir an lín táirgí (sonraí ó 11 Bhallstát den Aontas):<br>• 17 mbilliún cupán le haghaidh deochanna (97 *per capita*)<br>• 111 bhilliún coimeádán bia(636 *per capita*) | • Ionstraimí eacnamaíocha (27 mBallstát den Aontas)<br>• Múscailt feasachta (25 Bhallstát den Aontas)<br>• Roghanna malartacha inbhuanaithe a chur chun cinn (25 Bhallstát den Aontas)<br>• Spriocanna cainníochtúla chun an líon cupán le haghaidh deochanna agus coimeádán bia a chuirtear ar an margadh a laghdú (14 Bhallstát) |
| | **Curtha ar an margadh** | **Bailiú ar leithligh** |
| **Buidéil deochanna (mír c)** | 2,54 milliún tona (5,7 kg *per capita*) (sonraí ó 27 mBallstát den Aontas) | 1,8 milliún tona, is é sin ráta iomlán bailithe ar leithligh 71 % (sonraí ó 26 Bhallstát den Aontas; Sprioc 2025: 77 %) |
| **Trealamh iascaireachta (mír d)** | 22 900 tona (sonraí ó 23 Bhallstát den Aontas) | 7 500 tona, is é sin ráta bailithe iomlán 32,7 % (sonraí ó 20 Ballstát den Aontas) |

## Mír A: Méideanna cupán le haghaidh deochanna agus coimeádán bia a cuireadh ar an margadh

As na 27 dtír (25 Bhallstát den Aontas agus 2 thír CSTE-LEE) a thuairiscigh na méideanna cupán le haghaidh deochanna agus coimeádán bia a cuireadh ar an margadh, thuairiscigh 15 Bhallstát díobh de réir meáchain amháin, níor thuairiscigh ach 6 cinn díobh de réir an lín táirgí agus thuairiscigh 6 cinn díobh an dá cheann acu. Níor bhain aon tír úsáid as an rogha na cainníochtaí sin a choigeartú le haghaidh gluaiseachtaí go Ballstáit eile nó go tíortha nach Ballstáit den Aontas iad agus uathu.


Tá na luachanna a thuairiscítear an-éagsúil ó thír go tír de réir táirge, méadrachta (meáchan an phlaistigh i míreanna agus meáchan iomlán na míreanna) agus módúlacht tuairiscithe (de réir meáchain nó de réir an lín táirgí). Maidir le luachanna de réir meáchain (Fíor 1(a)), tuairiscíodh gur cuireadh 526 482 thona (ar tháinig 524 003 tona díobh ó Bhallstáit den Aontas) de phlaisteach ó choimeádáin bhia agus 152 290 tona (152 037 ó Bhallstáit den Aontas) de chupáin le haghaidh deochanna ar an margadh in 2022. Is ionann é sin agus luachanna 1,60 kg *per capita* de phlaisteach ó

choimeádáin bhia agus 0,46 kg ó chupáin le haghaidh deochanna[1] (tá feidhm ag na luachanna sin freisin maidir leis an bhfothacar lena n-áirítear Ballstáit den Aontas amháin). Ba é an meáchan iomlán, lena n-áirítear comhpháirteanna neamhphlaisteacha, 637 456 thona (ar tháinig 634 744 díobh ó Bhallstáit an Aontais) ó choimeádáin bhia agus 218 469 dtona (ar tháinig 218 092 díobh ó Bhallstáit den Aontas) ó chupáin le haghaidh deochanna. Maidir le hearraí atá déanta go páirteach as plaisteach, ba é 27,8 % den mheáchan iomlán i gcás cupáin le haghaidh deochanna an meánchion plaisteach (meánaithe ar fud thíortha an Aontais agus CSTE/LEE) agus gar do 30 % i gcás coimeádáin bhia (tá na luachanna sin beagnach mar an gcéanna don fhothacar lena n-áirítear Ballstáit den Aontas amháin). Bhí tionchar mór ar na luachanna le haghaidh coimeádáin bhia ag líon beag tíortha a thuairiscigh figiúirí an-ard (féach Fíor 2 agus Fíor 3). Ar an iomlán, is éard atá sna méideanna a tuairiscíodh 7,9 % den mhéid dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach[2] a gineadh sna tíortha céanna.

De réir an lín táirgí (Fíor 1(b)), tuairiscíodh gur cuireadh 17,3 billiún (ar tháinig 17 mbilliún díobh ó Bhallstáit den Aontas) cupán le haghaidh deochanna agus 111,1 billiún (111,06 ó Bhallstáit den Aontas) coimeádán bia ar an margadh in 2022. Comhfhreagraíonn na figiúirí iomlána sin do 95,9 (97 i gcás Ballstáit den Aontas) cupán le haghaidh deochanna agus 616,7 (636 i gcás Ballstáit den Aontas) coimeádán bia *per capita*. Táirgí déanta go hiomlán as plaisteach ab ea 88,5 % (88,8 % i gcás Ballstáit den Aontas) den líon iomlán.

**Fíor 1: Cupáin le haghaidh deochanna agus coimeádáin bhia ar táirgí plaisteacha aon úsáide iad a cuireadh ar an margadh san Aontas in 2022, dearbhluachanna iomlána de réir meáchain (a) agus de réir an lín táirgí (b).**


(a)




[1] Ar fud na tuarascála, ríomhadh luachanna *per capita* mar an cóimheas idir suim an mheáchain roinnte ar an daonra iomlán sna tíortha a thuairiscigh. Tagann sonraí daonra ó Eurostat (meándaonra tíre le haghaidh 2022, Eurostat (2024a)).

[2] Arna ríomh *ad hoc* le haghaidh an mheasúnaithe seo, mar roinnt mheáchan plaisteach an dá tháirge a chumhdaítear faoi mhír (a) agus na dramhaíola ó phacáistíocht a gineadh, agus an fothacar tíortha a thuairiscigh an mhír sin á chur san áireamh. Le meáchan plaisteach na míre, cuirtear meáchan na míreanna atá déanta go hiomlán as plaisteach agus cion plaisteach na míreanna atá déanta go páirteach as plaisteach san áireamh. Tógtar dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach a gineadh ó staidreamh Eurostat Packaging waste by waste management operations [Dramhaíl ó phacáistíocht de réir oibríochtaí bainistithe dramhaíola]. Níor cheart glacadh leis an gcomparáid sin ach mar athróg ionadach theoranta. D'fhéadfadh sé go mbeadh dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach á meas faoina luach fós i roinnt tíortha, mar a fuarthas amach leis na measúnuithe luathrabhaidh (LEE, 2022).

(b)





Tabhair faoi deara: Tá Fíor 1(a) bunaithe ar shonraí ó 20 Ballstát den Aontas. Tá Fíor 1(b) bunaithe ar shonraí ó 11 Bhallstát den Aontas. Féach an miondealú de réir tíre i bhFíor 2.


**Fíor 2: Cupáin phlaisteacha aon úsáide le haghaidh deochanna agus coimeádáin bhia phlaisteacha aon úsáide a cuireadh ar an margadh in 2022 (le haghaidh Ballstáit den Aontas agus tíortha CSTE-LEE), dearbhluachanna de réir tíre agus de réir meáchain (a) agus luachanna *per capita* (b). Níor thuairiscigh tíortha a bhí ar iarraidh sa ghraf sonraí bunaithe ar an gcur chuige sin.**

Léirítear le Fíor 2(a) na sonraí arna dtuairisciú ag tíortha agus léirítear le Fíor 2(b) luachanna *per capita*, le héagsúlacht mhór ó thír go céile.

(a)




(b)





Tabhair faoi deara: * Tíortha CSTE-LEE.


**Fíor 3: Cupáin phlaisteacha aon úsáide le haghaidh deochanna agus coimeádáin bhia phlaisteacha aon úsáide a cuireadh ar an margadh in 2022 (Ballstáit den Aontas agus tíortha CSTE-LEE), dearbhluachanna de réir tíre ar bhonn an lín táirgí (a) agus luachanna *per capita* (b). Níor thuairiscigh tíortha a bhí ar iarraidh sa ghraf sonraí bunaithe ar an gcur chuige sin.**

I bhFíor 3, léirítear sonraí arna dtuairisciú de réir an lín táirgí, i ndearbhmhéideanna (a) agus i luachanna *per capita* (b).

(a)




(b)





Tabhair faoi deara: * Tíortha CSTE-LEE.

## Mír B: Bearta laghdaithe tomhaltais do chupáin le haghaidh deochanna agus coimeádáin bhia

Leis an teimpléad tuairiscithe soláthraíodh liosta beart a aicmítear de réir catagóire agus fochatagóire, agus iarradh ar na tíortha a chur in iúl cé acu de na bearta sin a chuir siad i bhfeidhm. Dhearbhaigh gach tír gur bhain siad úsáid as ionstraimí eacnamaíocha, agus dúirt an chuid is mó acu go raibh bearta déanta acu chun feasacht a mhúscailt agus roghanna malartacha inbhuanaithe a chur chun cinn (Fíor 4). I gcás fhormhór na dtíortha, b’ionann na bearta a tuairiscíodh maidir le cupáin le haghaidh deochanna agus coimeádáin bhia.

**Fíor 4: An líon tíortha a bhfuil bearta laghdaithe tomhaltais i bhfeidhm acu maidir le cupáin le haghaidh deochanna agus coimeádáin bhia phlaisteacha aon úsáide in 2022 (Ballstáit den Aontas agus tíortha CSTE-LEE).**





Is minic a nasctar bearta le beartais maidir le pacáistíocht nó le cur chun feidhme na Treorach maidir le Plaistigh Aon Úsáide. Tiocfaidh roinnt beart tuairiscithe i bhfeidhm níos déanaí agus ní léirítear iad go fóill sa tuarascáil seo.

Ba iad seo a leanas fochatagóirí na mbeart a tuairiscíodh go minic: (i) oibleagáidí maidir le freagracht leathnaithe táirgeora (20 Ballstát den Aontas); (ii) feachtais chun feasacht a mhúscailt maidir le tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol (21 Bhallstát den Aontas); (iii) roghanna malartacha inbhuanaithe a chur chun cinn ar na táirgí plaisteacha aon úsáide sin (e.g. coimeádáin bhia in-athúsáidte) (19 mBallstát den Aontas); (iv) oibleagáidí nó dreasachtaí do ghnólachtaí chun roghanna malartacha inbhuanaithe ar na táirgí plaisteacha aon úsáide a sholáthar ag an díolphointe don tomhaltóir deiridh (17 mBallstát den Aontas); agus (v) foinsí poiblí uisce óil saor in aisce a chur chun cinn agus daoine a spreagadh chun cupán is féidir a athlíonadh a thabhairt leo nó ól díreach ón sconna (14 Bhallstát den Aontas). Dúirt 14 Bhallstát den Aontas go raibh spriocanna cainníochtúla tugtha isteach acu chun an méid cupán plaisteach aon úsáide le haghaidh deochanna agus coimeádán bia plaisteach aon úsáide a chuirtear ar an margadh a laghdú. Féach Iarscríbhinn 1 le haghaidh tacar iomlán beart de réir catagóire agus fochatagóire agus Iarscríbhinn 2 le haghaidh mionsonraí maidir leis na spriocanna cainníochtúla.

Bhí an líon iomlán beart a bhí i bhfeidhm éagsúil ó thír go tír (Fíor 5). Is fiú a thabhairt faoi deara gur minic a thagair tíortha don ionstraim bheartais chéanna faoi chatagóirí agus fochatagóirí éagsúla beart. Liostaigh roinnt tíortha níos mó ná beartas amháin mar thagairt d’fhochatagóir shonrach.

**Fíor 5: Bearta laghdaithe tomhaltais atá i bhfeidhm maidir le cupáin le haghaidh deochanna agus coimeádáin bhia phlaisteacha aon úsáide in 2022 (Ballstáit den Aontas agus tíortha CSTE-LEE).**




Tabhair faoi deara: * Tíortha CSTE-LEE.

Ní thugtar aon léiriú leis na figiúirí sin ar mhéid an fhorfheidhmithe ná ar leibhéal chur chun feidhme na mbeart dá dtagraítear. Ina theannta sin, ní féidir measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na bearta tuairiscithe comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach.

## Mír C: Buidéil deochanna phlaisteacha aon úsáide a bhailiú ar leithligh

Thuairiscigh gach ceann de na 29 dtír (27 mBallstát den Aontas agus 2 thír CSTE-LEE) sonraí maidir le meáchan na mbuidéal deochanna plaisteach aon úsáide a cuireadh ar an margadh. Luaigh roinnt tíortha tionchar ghluaiseachtaí na mbuidéal sin idir Ballstáit an Aontais agus onnmhairí / allmhairí ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad sna sonraí a tuairiscíodh[3], ach níor thuairiscigh na tíortha sin figiúirí ar leith maidir le ceachtar de na feiniméin sin[4]. Bhain ceithre Bhallstát den Aontas úsáid as an rogha a thugtar i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1752 ón gCoimisiún chun meastachán a dhéanamh ar an líon buidéal a cuireadh ar an margadh mar mheáchan na dramhaíola a gineadh ón táirge sin. Sa chás sin, ceanglaíodh ar thíortha méideanna a thuairisciú de réir ceithre shreabhadh dramhaíola: (i) dramhaíl a bailíodh ar leithligh de réir na gceanglas a leagtar síos sa Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide[5]; (ii) dramhaíl a bailíodh ar leithligh ach nach bhfuil i gcomhréir le ceanglais na

[3] Mar shampla, luaigh an Eastóin insreafaí ó thíortha comharsanacha mar chúis le figiúirí níos airde a bheith ann le haghaidh bailiú ar leithligh ná mar a bhí ann le haghaidh curtha ar an margadh, agus luaigh Málta an tábhacht a bhaineann le hinsreafaí ó thíortha eile le linn shéasúr an tsamhraidh a chur san áireamh.


[4] Níor thuairiscigh ach an Spáinn luachanna nialais ar bhonn na toimhde gur mar an gcéanna a bhí na sreafaí isteach agus na sreafaí amach.

[5] I gcás ina gcomhlíontar ceachtar de na coinníollacha seo a leanas:
(a) rinneadh na dramhbhuidéil aon úsáide a bhailiú ar leithligh le haghaidh athchúrsála ó aon dramhaíl eile;
(b) bailíodh na dramhbhuidéil aon úsáide i dteannta dramhchodanna pacáistíochta de dhramhaíl chathrach nó i dteannta codanna neamh-phacáistíochta eile plaistigh, miotail, páipéir nó gloine de dhramhaíl chathrach a bailíodh ar leithligh le haghaidh athchúrsála, agus: (i) ní bhailítear, leis an gcóras bailiúcháin, aon dramhaíl ar dhócha substaintí guaiseacha a bheith inti; (ii) deartar agus déantar an bailiú dramhaíola, agus an tsórtáil a

Treorach maidir le Plaistigh Aon Úsáide; (iii) dramhaíl mheasctha chathrach; agus (iv) dramhaíl a caitheadh mar bhruscar. Soláthraíodh sonraí maidir leis na sreafaí uile seachas (ii).


Tuairiscíodh gur cuireadh 2,56 milliún tona (ar tháinig 2,54 milliún díobh ó Bhallstáit den Aontas) de bhuidéil deochanna phlaisteacha aon úsáide ar an margadh in 2022, méid atá cothrom le 5,7 kg *per capita* (is infheidhme freisin maidir le fothacar Ballstát den Aontas). Tuairiscíodh gur bailíodh 1,83 milliún tona (1,8 milliún díobh ó Bhallstáit den Aontas) ar leithligh de réir na gceanglas a leagtar síos sa Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide, arb ionann é agus ráta bailithe deighilte iomlán 71 % do Bhallstáit den Aontas (71,2 % agus tíortha CSTE-LEE á gcur san áireamh freisin) (Fíor 6). Thuairiscigh 12 thír (10 mBallstát den Aontas) as na 26 thír thuairiscithe rátaí bailithe ar leithligh os cionn sprioc 2025 de 77 % a leagtar síos leis an Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide, agus thuairiscigh 6 Bhallstát den Aontas rátaí bailithe ar leithligh os cionn sprioc 2029 de 90 % fiú (Fíor 7).

**Fíor 6: Buidéil deochanna phlaisteacha aon úsáide a cuireadh ar an margadh agus a bailíodh ar leithligh (Ballstáit den Aontas), luachanna iomlána in 2022.**




**Fíor 7: Ráta bailithe ar leithligh do bhuidéil deochanna phlaisteacha aon úsáide de réir tíre in 2022 (Ballstáit den Aontas agus tíortha CSTE-LEE).**

dhéantar ar an dramhaíl ina dhiaidh sin, ar bhealach a laghdaíonn a oiread is féidir an t-éilliú, ó phlaisteach dramhaíola nach de bhuidéil den chineál é agus ó dhramhaíl eile, a dhéantar ar na dramhbhuidéil aon úsáide a bhailítear; agus (iii) tá córais dearbhaithe cáilíochta ar bun ag na hoibreoirí dramhaíola chun a fhíorú go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i bpointí (i) agus (ii).




Tabhair faoi deara: Cuirtear tíortha in ord de réir an ráta bailithe ar leithligh. Níor thuairiscigh an tSlóivéin sonraí.

Go háirithe, tá scéimeanna aisíoctha éarlaise i bhfeidhm ag 10 dtír as na 12 thír a bhain sprioc 2025 amach cheana féin in 2022 le haghaidh buidéil deochanna phlaisteacha aon úsáide. Léirítear leis sin éifeachtacht na scéimeanna aisíoctha éarlaise, a bheidh ar na Ballstáit a thabhairt isteach faoin Rialachán nua maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht. Tá na cineálacha sin scéimeanna á gcur ar bun cheana féin ag go leor tíortha nó tá sé beartaithe acu iad a chur ar bun go luath (féach Iarscríbhinn 3 chun tuilleadh mionsonraí a fháil).

Bhí éagsúlacht mhór idir an líon buidéal deochanna plaisteach aon úsáide a cuireadh ar an margadh ar fud na dtíortha in 2022 (féach dearbhluachanna agus luachanna *per capita* in Iarscríbhinn 4). Mar a bhíothas ag súil leis, thuairiscigh na tíortha a raibh na pobail is mó acu na dearbhmhéideanna ab airde (an Ghearmáin, an Iodáil, an Fhrainc, an Pholainn agus an Spáinn). Thuairiscigh Málta agus an Chipir na luachanna *per capita* ab airde, áfach. Maidir le bailiú ar leithligh, thuairiscigh 23 thír (22 Bhallstát den Aontas) buidéil phlaisteach aon úsáide a bailíodh ar leithligh agus a bailíodh in éineacht le sruthanna dramhaíola eile. Thuairiscigh 18 dtír na méideanna buidéal plaisteach aon úsáide a bailíodh ar leithligh ó aon sruth dramhaíola eile, trí scéimeanna aisíoctha éarlaise den chuid is mó. Níor thuairiscigh na tíortha eile luachanna seachas nialas, mar thoradh ar cheachtar díobh seo a leanas: (i) easpa córas i bhfeidhm le haghaidh bailiú ar leithligh ó aon sruth dramhaíola eile; (ii) bailiú buidéal a tharlaíonn in éineacht le sruthanna dramhaíola tirime eile; nó (iii) níl roinnt tíortha cinnte an bhfuil a gcórais in ann buidéil a bhailiú atá deighilte go hiomlán ó aon sruth dramhaíola eile.

## Mír D: Méideanna trealaimh iascaireachta ina bhfuil plaisteach a cuireadh ar an margadh agus a bailíodh mar dhramhaíl


Thuairiscigh 25 thír san iomlán (23 Bhallstát den Aontas agus 2 thír CSTE-LEE) sonraí maidir le trealamh iascaireachta ina bhfuil plaisteach a cuireadh ar an margadh, agus thuairiscigh 22 cheann de na tíortha sin (20 Bhallstát den Aontas agus 2 thír CSTE-LEE) sonraí maidir le dramhthrealamh iascaireachta a bailíodh. Níor thuairiscigh formhór na dtíortha ach na sonraí éigeantacha, i.e. méideanna iomlána an trealaimh iascaireachta gan aon mhiondealú breise. Mar sin féin, sholáthair 6 thír (5 Bhallstát den

Aontas) miondealú breise ar shonraí, de réir an chineáil trealaimh iascaireachta nó de réir ábhair (plaisteach, miotal, rubar) (féach Iarscríbhinn 5 le haghaidh na sonraí miondealaithe).

I gcás 2022, tuairiscíodh gur cuireadh 67 000 tona (22 900 díobh sin ó Bhallstáit den Aontas) de threalamh iascaireachta ar an margadh, agus gur bailíodh 24 700 tona (7 500 díobh ó Bhallstáit den Aontas) mar dhramhthrealamh iascaireachta[6]. Fágann sé sin ráta bailithe iomlán 32,7 % do Bhallstáit den Aontas (36,8 % agus tíortha CSTE-LEE á gcur san áireamh freisin) (Fíor 8). Bhí rátaí bailithe idir 0 % agus luachanna os cionn 100 % ar fud na dtíortha (Fíor 9) (baineann an dara ceann go ginearálta le tíortha a bhfuil imeallbhord fairsing acu). Ar an iomlán, dhearbhaigh tíortha talamhiata luachanna 0 % don dá mhéid a cuireadh ar an margadh agus a bailíodh, cé go bhféadfaí trealamh iascaireachta a chur ar a margadh. Cé nach leagtar síos leis an Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide spriocanna bailithe cainníochtúla ceangailteacha, cuirtear de cheanglas ar na Ballstáit a bhfuil uiscí mara acu rátaí bailithe náisiúnta bliantúla a shocrú le haghaidh dramhthrealamh iascaireachta ina bhfuil plaisteach le haghaidh athchúrsáil ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh. Beidh na sonraí a thuairisceofar i mbliana mar bhonn chun measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé spriocanna ceangailteacha bailithe a shocrú tar éis na meastóireachta ar an Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide in 2027.

Bhí éagsúlacht mhór ar fud na dtíortha maidir leis na méideanna trealaimh iascaireachta a cuireadh ar an margadh agus a bailíodh (Fíor 10), agus bhí comhghaol láidir idir na nithe seo a leanas: (i) méideanna a cuireadh ar an margadh agus méideanna a bailíodh; agus (ii) na luachanna sin agus tonnáiste an chabhlaigh iascaireachta i ngach tír (féach Iarscríbhinn 6 le haghaidh sonraí i gcoibhneas le méid an chabhlaigh iascaireachta). Bhí luachanna tíre idir cúpla tona agus níos mó ná 42 000 tona a cuireadh ar an margadh agus suas le 15 000 tona de dhramhthrealamh iascaireachta a bailíodh. Thuairiscigh an Iorua, an Liotuáin, an Fhrainc agus an Phortaingéil na méideanna is airde a cuireadh ar an margadh. Is cosúil go léiríonn sé sin go páirteach cásanna éagsúla i dtíortha éagsúla, ach léiríonn sé go páirteach freisin difríochtaí sna hiarrachtaí bailithe sonraí (féach an roinn 'Foinsí agus modheolaíochtaí sonraí'), toisc gur minic a dhearbhaigh tíortha deacrachtaí maidir le sonraí cruinne a thuairisciú (féach roinn 'Iontaofacht').


**Fíor 8: Trealamh iascaireachta a cuireadh ar an margadh agus dramhthrealamh iascaireachta a bailíodh, luachanna iomlána le haghaidh 2022 (Ballstáit den Aontas agus tíortha CSTE-LEE).**




Tabhair faoi deara: Sonraí ar iarradh go gcoimeádfaí faoi rún iad, níl siad san áireamh san fhigiúr sin.


**Fíor 9: Ráta bailithe dramhthrealaimh iascaireachta de réir tíre, 2022 (Ballstáit den Aontas agus tíortha CSTE-LEE).** Foinse: féinríomh de réir na sonraí tuairiscithe, mar na méideanna a cuireadh ar an margadh roinnte ar na méideanna a bailíodh.

[6] Sonraí ar iarradh go gcoimeádfaí faoi rún iad, níl siad san áireamh san fhigiúr ná sna dearbhluachanna.




Tabhair faoi deara: Cuirtear na tíortha a thuairiscigh sonraí in ord de réir a ráta bailithe.

**Fíor 10: Trealamh iascaireachta a cuireadh ar an margadh agus dramhthrealamh iascaireachta a bailíodh arna thuairisciú faoi mhír (d), dearbhluachanna de réir tíre, 2022 (Ballstáit den Aontas agus tíortha CSTE-LEE).**




## 3. Bailiú sonraí a eagrú agus cáilíocht sonraí

### Bailiú sonraí a eagrú

Mhair ainmniú na bpríomhthuairisceoirí idir 1 mhí agus 8 mí, agus bhí moilleanna ann mar thoradh ar ghanntanais foirne nó athstruchtúrú institiúideach i roinnt tíortha. Ba iad na hinstitiúidí ba mhinice a bhí i gceist aireachtaí a bhí ag déileáil le freagrachtaí comhshaoil agus gníomhaireachtaí náisiúnta comhshaoil (féach Iarscríbhinn 7 le haghaidh liosta institiúidí na dtuairisceoirí náisiúnta).

Ó R1 2024 ar aghaidh, rinne an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil teimpléid tuairiscithe a fhorbairt agus a thástáil, thar ceann an Choimisiúin agus i ndlúthchomhar leis. Chruthaigh an Ghníomhaireacht ábhair thacaíochta freisin, lena n-áirítear lámhleabhar do thuairisceoirí, agus thionóil sí trí sheimineár gréasáin chun an próiseas a shoiléiriú. D'fhorbair an Ghníomhaireacht suíomh gréasáin chun tíortha a chur ar an eolas faoin gcreat dlíthiúil agus chun rochtain a sholáthar ar theimpléid a thacaíonn le hábhair. Soláthraíodh tacaíocht leanúnach trí dheasc chabhrach.

Rinne an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil athbhreithniú críochnúil, thar ceann an Choimisiúin agus i ndlúthchomhar leis, ar shonraí agus ar fhaisnéis a tuairiscíodh ar theacht isteach dóibh agus chuir sí feabhas orthu in éineacht leis na tuairisceoirí náisiúnta chun a áirithiú gur tuairiscíodh gnéithe i gceart, gur líonadh réimsí éigeantacha isteach agus go raibh mínithe sa tuarascáil seiceála cáilíochta go hiomlán intuigthe. Tar éis chéim an bhailithe sonraí, iarradh ar thíortha aiseolas a thabhairt trí cheistneoir. Léirigh na freagraí ardleibhéal sástachta leis an bpróiseas agus tharraing siad aird ar dhúshláin sonraí le haghaidh thuairisciú 2025 (féach Iarscríbhinn 8 le haghaidh sonraí).

## Cáilíocht sonraí

Bhain tíortha úsáid as foinsí agus modheolaíochtaí éagsúla sonraí, agus ba mhinic a chuir siad fadhbanna cruinnis i dtábhacht. Tugadh faoi deara go minic leis an bpróiseas dearbhaithe cáilíochta freisin fadhbanna comhsheasmhachta, a ceartaíodh a mhéid is féidir trí threoraíocht chuíchóirithe a sholáthar do na tuairisceoirí. Mar sin féin, d’fhéadfadh sé go ndearna tuairisceoirí náisiúnta léirmhíniú éagsúil ar na ceanglais maidir le sonraí agus faisnéis, mar shampla nuair a bhí na bearta is ábhartha á roghnú acu chun tomhaltas plaisteach aon úsáide a laghdú faoi mhír (b). Ós rud é nach raibh sé éigeantach réimsí tábhachtacha a líonadh isteach a raibh gá leo chun gnéithe agus teorainneacha áirithe na sonraí a thuiscint, d’fhéadfadh sé nár sainaithníodh na teorainneacha sonraí ábhartha uile sa phróiseas dearbhaithe cáilíochta. Dá bhrí sin, ba cheart a bheith san airdeall agus torthaí an chleachtaidh tuairiscithe le haghaidh na chéad bhliana sin á meas. Tá sé tábhachtach go háirithe staonadh ó chomparáidí a dhéanamh idir sonraí tuairiscithe ó thír go chéile.

### *Foinsí agus modheolaíochtaí sonraí*

Bhunaigh na tíortha a sonraí ar fhoinsí éagsúla, níos mó ná foinse amháin go minic, agus thuairiscigh roinnt tíortha go n-úsáideann a bhfoinsí sonraí aicmiú atá éagsúil leis an aicmiú a sholáthraítear leis an bhformáid tuairiscithe[7]. Chuir go leor tíortha fadhbanna maidir le cáilíocht sonraí i dtábhacht agus dúirt siad go raibh siad ag súil le meastacháin níos fearr a sholáthar an bhliain seo chugainn. I gcásanna áirithe, sholáthair tíortha figiúirí le haghaidh blianta seachas 2022, mar thoradh ar an easpa sonraí le haghaidh 2022.

I gcás **mhír (a)**, ba iad córais freagrachta leathnaithe táirgeora agus suirbhéanna tiomnaithe an phríomhfhoinse (féach Iarscríbhinn 9). Níor úsáid ach tír amháin (an Liotuáin) sonraí ó scéim aisíoctha éarlaise (maidir le cupáin le haghaidh deochanna). I bhformhór na gcásanna, d’úsáid tíortha na foinsí sonraí agus na modheolaíochtaí céanna le haghaidh cupán deochanna agus a d’úsáid siad le haghaidh coimeádáin bhia, agus is minic a bhíodh tíortha ag brath ar shonraí bainistithe dramhaíola. Thuairiscigh formhór na dtíortha a d’úsáid sonraí ó chórais freagrachta leathnaithe táirgeora de réir meáchain. Níor iarr an fhormáid tuairiscithe le haghaidh **mhír (b)** ar thuairisceoirí an mhodheolaíocht a leanadh chun an mhír sin a thuairisciú a shonrú. Léiríonn éagsúlacht na mbeart a tuairiscíodh[8] modheolaíochtaí sách éagsúil ar fud na dtíortha. Maidir le **mír (c)** (Buidéil deochanna phlaisteacha aon úsáide a cuireadh ar an margadh agus a bailíodh ar leithligh), ba iad córais aisíoctha éarlaise agus freagrachta leathnaithe táirgeora agus staidreamh dramhaíola na foinsí sonraí ba mhinice a luadh (féach Iarscríbhinn 9).

I gcás **mhír (d)** (trealamh iascaireachta a cuireadh ar an margadh agus dramhthrealamh iascaireachta a bailíodh), ba iad na foinsí ba mhinice a úsáideadh, agus na foinsí a d’úsáid na tíortha a thuairiscigh na méideanna ba mhó, suirbhéanna ar tháirgeoirí trealaimh agus ar oibreoirí calafoirt chomh maith le

[7] Mar shampla, thagair an Ungáir d’fhadhbanna maidir le sonraí FLT ina tuarascáil seiceála cáilíochta le haghaidh mhír (a), cé nár léiríodh córais freagrachta leathnaithe táirgeora mar fhoinsí sonraí atá mar bhonn taca leis an tuairisciú.

[8] Mar shampla, le leibhéil éagsúla uaillmhéine, gníomhaithe agus earnálacha spriocdhírithe agus ar scála geografach.

staidreamh trádála (féach Iarscríbhinn 9). Dúirt ceithre thír gur bhain siad úsáid as sonraí ó scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora. Níor luaigh aon tír gur úsáid sí fachtóirí coinbhéartachta chun na sonraí a dhíorthú.

### *Iomláine*

Thuairiscigh 29 dtír san iomlán na sonraí agus an fhaisnéis chun a n-oibleagáidí tuairiscithe le haghaidh 2024 a chomhlíonadh - Ballstáit uile an Aontais agus 2 thír CSTE-LEE (an Íoslainn agus an Iorua). Thuairiscigh na tíortha sin uile sonraí le haghaidh mhíreanna (b) agus (c), agus thuairiscigh 27 dtír sonraí le haghaidh mhír (a) agus thuairiscigh 25 thír sonraí tuairiscithe le haghaidh mhír (d). Níor thuairiscigh formhór na dtíortha ach na sonraí éigeantacha. Ar an iomlán, níor sholáthair aon tír aon sonraí a d'fhágfadh go bhféadfaí measúnú a dhéanamh ar thionchar gluaiseachtaí, trádála, saorthairbhithe, díolachán ar líne nó rialacha *de minimis*. I gcás mhír (b), bhí sonraí éigeantacha an-teoranta, rud a d'fhág go raibh sé deacair na bearta atá i bhfeidhm a shainaithint agus a thuiscint[9]. Chun mír (a) a thuairisciú, bhí roinnt réimsí sonraí éigeantacha in easnamh sna tuarascálacha tíre, go minic mar thoradh ar cheachtar díobh seo a leanas: (i) sonraí teoranta maidir le míreanna atá déanta go páirteach as plaisteach; nó (ii) staidreamh nach ndearna idirdhealú idir míreanna atá déanta go hiomlán as plaisteach agus míreanna atá déanta go páirteach as plaisteach. I gcás mhír (c), tuairiscíodh nialas nó níor tuairiscíodh aon luach maidir le dramhaíl a bailíodh ar leithligh ar bhealach nach raibh i gcomhréir le ceanglais na Treorach maidir le Plaistigh Aon Úsáide. I gcás mhír (d): (i) níor thuairiscigh gach tír na méideanna dramhthrealaimh iascaireachta a bailíodh, agus tá gá leis na méideanna sin chun an ráta bailithe a ríomh; agus (ii) níor sholáthair ach líon beag tíortha sonraí deonacha arna miondealú de réir ábhair agus chineál an trealaimh iascaireachta.

Dúirt tíortha go minic go raibh siad ag súil le feabhas a chur ar iomláine an tuairiscithe sna blianta ina dhiaidh sin, go háirithe a bhuí le córais freagrachta leathnaithe táirgeora atá le cur ar bun ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh.

### *Iontaofacht*

Is minic a thagair tíortha do theorainneacha sonraí agus d'fhadhbanna cruinnis. Níor bhain ach líon teoranta tíortha úsáid as modhanna fíorúcháin sonraí (17 i gcás mhír (a), 22 i gcás mhír (b) agus 9 i gcás mhír (d)), agus ba iad seiceálacha iomláine sonraí agus cros-seiceálacha na modhanna ba mhinice a úsáideadh. Sainaithníodh roinnt fadhbanna cruinnis (féach Iarscríbhinn 10), go háirithe i gcás na sonraí maidir le cupáin le haghaidh deochanna agus coimeádáin bhia, agus ba iad sampláil agus cumhdach na fadhbanna ba mhinice a dearbhaíodh. Is gá a bheith cúramach maidir le léirmhíniú na sonraí mar thoradh ar theorainneacha sonraí agus fadhbanna cruinnis.

Trí chomparáid a dhéanamh idir na sonraí a thuairiscítear ar fud na dtíortha, cuidítear freisin le measúnú a dhéanamh ar iontaofacht na sonraí. Mar shampla, bhí éagsúlacht mhór sna luachanna *per capita* , rud a thugann an méid seo a leanas le fios: (i) d'fhéadfadh tearcthuairisciú a bheith ann (mar shampla mar thoradh ar iarrachtaí teoranta bailithe sonraí); nó (ii) róthuairisciú ag roinnt tíortha (mar shampla, sonraí lena gcumhdaítear raon feidhme níos leithne ná mar a bheartaítear leis an Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide faireachán a dhéanamh air). Léirigh na sonraí a tuairiscíodh maidir le

---

[9] Níor líon ceithre thír isteach ach an fhaisnéis éigeantach, i.e. a shonrú (tá / níl) cé acu a bhí nó nach raibh gach cineál birt i bhfeidhm acu sa tír. Sholáthair na tíortha eile roinnt faisnéis dheonach ar a laghad freisin a d'fhág gurbh fhéidir an beart sonrach (tagairt URL / doiciméad beartais) nó bliain an teacht i bhfeidhm a shainaithint. Chuir 20 tír réimsí breise faisnéise deonaí i gcrích freisin, i.e. raon feidhme geografach an bhirt, gníomhaithe ar díríodh orthu, cineál éigeantach / deonach an bhirt, etc. Mar sin féin, is minic a soláthraíodh faisnéis agus bearnaí san fhaisnéis sin.

trealamh iascaireachta luachanna an-éagsúil ar fud na dtíortha freisin, agus dhearbhaigh go leor acu teorainneacha móra sonraí don chéad bhliain tuairiscithe seo.

Cé go bhfuil difríocht pháirteach idir raon feidhme an tuairiscithe agus an staidrimh maidir le pacáistíocht phlaisteach a thuairiscítear faoin Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide[10], trí na luachanna tuairiscithe a chur i gcomparáid leis an staidreamh maidir le dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach[11] (i gcás mhíreanna (a) agus (c)), is féidir measúnú a dhéanamh ar iontaofacht na bhfigiúirí.

D'fhéadfadh sé go léireodh difríochtaí idir an dá thacar sonraí fadhbanna cruinnis a d'fhéadfadh a bheith ann. Mar shampla, cé go bhfuil an meáchan iomlán plaistigh de chupáin le haghaidh deochanna agus de choimeádáin bhia a tuairiscíodh faoi mhír (a) gar do 8 % ar an meán den mhéid dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach a gineadh sa tacar céanna tíortha[12], bhí na luachanna tíre idir 2 % agus 23 %. Ar an gcaoi chéanna, is éard atá sna méideanna iomlána buidéal plaisteach aon úsáide a cuireadh ar an margadh 19 % den mhéid dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach a gineadh ar an meán ar fud na dtíortha uile (agus luachanna do gach tír níos gaire de ghnáth do luachanna le haghaidh phacáistíocht phlaisteach na tíre sin a chuirtear ar an margadh), ach tá luachanna na méadrachta sin fós éagsúil idir 0 % agus 69 %.

I gcás mhír (b), ba cheart an fhaisnéis a thuairiscítear a mheas mar an chéad iarracht chun forbhreathnú a fháil ar na cineálacha beart atá á gcur i bhfeidhm ag tíortha, ós rud é go raibh an cur chuige ar fud na dtíortha sách éagsúil, le faisnéis theoranta a d'fhágfadh go bhféadfaí measúnú a dhéanamh ar na bearta a tuairiscíodh.

Léiríonn na fadhbanna cruinnis a dearbhaíodh le haghaidh mhír (d), mír nár díríodh go ginearálta ar ghníomhaithe / calafoirt mhóra, go bhféadfaí gannmheastachán a dhéanamh ar na luachanna iarbhír.

### *Tráthúlacht*

Ba é an 30 Meitheamh 2024 an sprioc-am tuairiscithe, agus thuairiscigh 18 dtír faoin sprioc-am sin (16 Bhallstát den Aontas agus 2 thír CSTE-LEE) (Iarscríbhinn 7). Thuairiscigh trí thír eile agus moill bheag orthu (níos lú ná mí), agus tháinig na tuarascálacha a bhí fágtha níos déanaí, agus chuir an tír dheireanach a comhaid isteach ag deireadh mhí na Samhna 2024. Níor thug tír amháin an próiseas dearbhaithe cáilíochta i gcrích ina iomláine.

De dheasca moilleanna tuairiscithe i roinnt tíortha, ba ghá céimeanna éagsúla den phróiseas a reáchtáil san am céanna d'fhothacair éagsúla tíortha. Dúirt go leor tíortha gur chuir an próiseas bailithe sonraí le haghaidh míreanna sonracha, amhail trealamh iascaireachta, moill ar a dtuairisciú.

---

[10] Tagann míreanna nach míreanna aon úsáide iad faoi raon feidhme na sonraí maidir le dramhaíl ó phacáistíocht ach, dá bhrí sin, ní chumhdaítear iad leis an Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide, agus *vice versa*. Mar shampla, ní chumhdaítear pacáistíocht in-athúsáidte leis an Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide ach meastar gur pacáistíocht í. Ar an gcaoi chéanna, is táirgí plaisteacha aon úsáide iad cupáin phlaisteacha aon úsáide le haghaidh deochanna agus coimeádáin bhia phlaisteacha aon úsáide a dhíoltar agus iad folamh gan é a bheith beartaithe iad a líonadh ag an díolphointe ach ní mheastar gur pacáistíocht iad.

[11] Staidreamh Eurostat 'Packaging waste by waste management operations [Dramhaíl ó phacáistíocht de réir oibríochtaí bainistithe dramhaíola]'. Ní mór an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara freisin: (i) d'fhéadfadh sé go mbeadh dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach á meas faoina luach fós i roinnt tíortha, mar a fuarthas amach leis na measúnuithe luathrabhaidh (EEA, 2022), de réir sonraí suas le 2019; agus (ii) tá méadú seasta ag teacht ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach ó bhí 2009 ann.

[12] Suim mheáchan na míreanna atá déanta go hiomlán as plaisteach móide an t-ábhar plaisteach le haghaidh míreanna atá déanta go páirteach as plaisteach.

*Comhsheasmhacht*

Tháinig roinnt fadhbanna comhsheasmhachta chun cinn le linn an phróisis tuairiscithe, mar shampla: (i) léirmhínithe éagsúla ar an ábhar a bhí le tuairisciú; (ii) luachanna a tuairiscíodh mar nialas a bhí in easnamh mar a tharlaíonn; nó (iii) úsáid aonad seachas na haonaid sin a léirítear sna teimpléid tuairiscithe. Ceartaíodh na fadhbanna sin a mhéid ab fhéidir le linn an phróisis dearbhaithe cáilíochta. Mar sin féin, tá méid áirithe éagsúlachta fós sna tuarascálacha a tháinig as sin.

Déanfar measúnú ar chomhsheasmhacht le himeacht ama le haghaidh thuairisciú na bliana seo chugainn. Táthar ag súil go dtiocfaidh feabhas ar cháilíocht na sonraí, de réir an taithí a fuarthas i mbliana.

## 4. Moltaí le haghaidh feabhsaithe

Ba mhór ag Tuairisceoirí an tacaíocht a chuir an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil ar fáil le linn an phróisis tuairiscithe i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún (féach Iarscríbhinn 8). Mar sin féin, d'fhéadfaí roinnt gnéithe a fheabhsú le haghaidh tuairisciú amach anseo, a bhfuil cúig cinn acu leagtha amach sna pointí urchair thíos.

- **Príomhthuairisceoirí a ainmniú**. Ba cheart do thíortha leanúnachas próisis a áirithiú, an Coimisiún a choinneáil ar an eolas faoi athruithe ar fhoirne tuairiscithe, agus tuairisciú tráthúil a áirithiú, i bhfianaise na moilleanna móra a bhí ann i mbliana.
- **Bailiú sonraí ag tíortha**. Go ginearálta, níor thuairiscigh tíortha ach na sonraí éigeantacha. Níor tuairiscíodh gnéithe amhail gluaiseachtaí, sreafaí trádála, saorthairbhithe, etc., d'ainneoin a n-ábharthachta i roinnt tíortha. Bhí an tuairisc ar na bearta a rinne tíortha chun tomhaltas a laghdú (mír (b)) sách lag ar an iomlán freisin, rud a d'fhág nárbh fhéidir measúnú cuí a dhéanamh. Thairis sin, léiríonn torthaí an tsuirbhé a rinneadh ag deireadh na tréimhse tuairiscithe i mbliana (féach Iarscríbhinn 8) an méid seo a leanas: (i) sonraí ó na córais freagrachta leathnaithe táirgeora a cuireadh ar bun faoin Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide, ní mheasann formhór na dtíortha go mbeidh siad ar fáil le haghaidh thuairisciú 2025 (bliain thagartha 2023); agus (ii) níor shainaithin ach líon beag tíortha foinsí sonraí cheana féin le haghaidh an dá oibleagáid tuairiscithe bhreise le haghaidh 2025 (i.e. míreanna (e) agus (f) i dTábla 1). Moltar, dá bhrí sin, feabhas a chur ar thuairisciú na sonraí éigeantacha agus deonacha, le haghaidh na míreanna uile atá dlite in 2025. Moltar malartuithe idir tíortha maidir le dea-chleachtais agus comhar níos dlúithe laistigh de thíortha i measc comhghleacaithe atá ag obair ar staidreamh tionscail agus dramhaíola.
- **Na teimpléid tuairiscithe a líonadh isteach**. Moltar go hiomlán leas iomlán a bhaint as an tacaíocht a thugann an Coimisiún do thuairisceoirí chun an dá rud seo a leanas a dhéanamh: (i) comhsheasmhacht agus soiléireacht na sonraí agus na faisnéise a thuairiscítear a mhéadú; agus (ii) an t-ualach ar an bpróiseas dearbhaithe cáilíochta a laghdú. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an dá réimse a raibh níos mó dúshlán ag baint leo le linn an tuairiscithe chéad bhliana[13] agus ar na hoibleagáidí tuairiscithe nua maidir le míreanna (e) agus (f).
- **An fhormáid tuairiscithe a chuíchóiriú.** I bhfianaise aidhm an Choimisiúin an t-ualach tuairiscithe a laghdú, d'fhéadfaí teimpléid na dtuarascálacha seiceála cáilíochta a shimpliú. Dá n-úsáidfí an struchtúr céanna chun foinsí / modheolaíochtaí sonraí, modhanna fíorúcháin agus fadhbanna cruinnis a thuairisciú, mhéadófaí comhsheasmhacht ar fud sreafaí sonraí agus tíortha éagsúla.

[13] Mar shampla, na réimsí sonraí éagsúla chun mír (a) a thuairisciú, aicmiú na mbeart le haghaidh mhír (b), tuairisciú foinsí / modheolaíochtaí sonraí le haghaidh mhír (c) nó na fachtóirí miondealaithe agus coinbhéartachta chun mír (d) a thuairisciú.

- **Comparáid le himeacht ama**. Meastar go dtiocfaidh athrú amach anseo ar na foinsí sonraí agus ar na modheolaíochtaí a úsáidtear chun cuid de na sonraí a chumhdaítear i mbliana a thuairisciú. Beidh sé tábhachtach do thíortha na hathruithe ar fhoinsí sonraí agus ar mhodheolaíochtaí sonraí a thuairisciú ar bhealach atá go hiomlán trédhearcach, agus míniú mionsonraithe a thabhairt ar na difríochtaí, agus idirdhealú á dhéanamh idir an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na bearta atá i bhfeidhm agus athruithe ar na foinsí sonraí agus ar na modheolaíochtaí sonraí foluiteacha.

## 5. Conclúidí

Leis an gcéad tuairisciú seo le haghaidh na bliana tagartha 2022, tugtar léargas tosaigh ar leibhéil tomhaltais agus ar rátaí bailithe ar leithligh ar fud na dtíortha maidir leis na trí mhír phlaisteacha aon úsáide a chumhdaítear (cupáin le haghaidh deochanna, coimeádáin bhia agus buidéil deochanna) agus maidir le trealamh iascaireachta ina bhfuil plaisteach.

De réir na Treorach maidir le Plaistigh Aon Úsáide, leis an gcéad bhabhta tuairiscithe seo, táthar in ainm agus bonnlíne a leagan síos chun tomhaltas cupán plaisteach aon úsáide le haghaidh deochanna agus coimeádán bia plaisteach aon úsáide a thomhas, d'fhonn spriocanna ceangailteacha laghdaithe tomhaltais a thabhairt isteach ar leibhéal an Aontais. Tá sé i gceist leis an gcéad bhabhta tuairiscithe seo freisin bonn a chur ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar bhearta breise a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le trealamh iascaireachta ina bhfuil plaisteach tar éis na meastóireachta ar an Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide (in 2027), lena n-áirítear rátaí ceangailteacha bailithe a leagan síos do dhramhthrealamh iascaireachta. Léirítear leis an measúnú ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis a sholáthraítear sa tuarascáil seo roinnt príomhghnéithe ba cheart a chur san áireamh agus na sonraí bonnlíne sin á mbreithniú, amhail inathraitheacht mhór sna modheolaíochtaí ar fud tíortha agus fadhbanna coitianta cruinnis.

Le sonraí na bliana seo chugainn soláthrófar na chéad phointí sonraí a fhágfaidh go mbeifear in ann faireachán a dhéanamh ar threochtaí. Fágfaidh sé sin go mbeidh sé níos éasca a thuiscint cé acu atá nó nach bhfuil laghdú tomhaltais ag tarlú agus ardleibhéal uaillmhéine ann maidir le cupáin le haghaidh deochanna agus coimeádáin bhia, mar a shonraítear sa Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide. Beifear in ann faireachán a dhéanamh freisin ar na bearta laghdaithe tomhaltais atá fós i bhfeidhm, agus ar aon bheart nua, go háirithe iad siúd a bhaineann leis an Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide. Beidh gá le hanailís níos tiomnaithe chun tuiscint a fháil ar an nasc idir na treochtaí i dtomhaltas breathnaithe agus na bearta a cuireadh i bhfeidhm, ós rud é nach féidir measúnú a dhéanamh ar na treochtaí sin de réir na faisnéise arna soláthar ag tuairisceoirí faoi na formáidí tuairiscithe atá ann faoi láthair agus de réir na faisnéise sin amháin.

Maidir le buidéil deochanna phlaisteacha aon úsáide a bhailiú ar leithligh, léirítear leis na torthaí gur féidir le go leor tíortha sprioc 2025 a bhaint amach. Le sonraí na bliana seo chugainn, beifear in ann tuilleadh faireacháin a dhéanamh ar dhul chun cinn na dtíortha. Leis na sonraí, beifear in ann an méid seo a leanas a dhéanamh freisin: (i) measúnú a dhéanamh ar na treochtaí maidir le dramhthrealamh iascaireachta a bhailiú; agus (ii) tuiscint níos fearr a fháil ar láidreachtaí agus dúshláin iarbhír na sonraí a thagann ó na córais freagrachta leathnaithe táirgeora nuabhunaithe.

Ar deireadh, leis an bhfaisnéis a gheofar ón gcéad tuairisciú seo agus ó thuairisciú sna blianta amach romhainn, soláthrófar faisnéis ábhartha chun meastóireacht a dhéanamh ar an Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide (a bheidh dlite i mí Iúil 2027).

# 6. Iarscríbhinní

## Iarscríbhinn 1: Bearta laghdaithe tomhaltais de réir catagóire agus fochatagóire (mír (b))

Bhí an méid seo a leanas sna bearta eacnamaíocha atá i bhfeidhm.

- Oibleagáidí freagrachta leathnaithe táirgeora (21 thír), a bhaineann den chuid is mó le cur chun feidhme fhorálacha sainordaitheacha na Treorach maidir le Plaistigh Aon Úsáide.
- Soláthar poiblí glas (14 thír), nasctha le córais éigeantacha, córais dheonacha agus beartais náisiúnta níos leithne maidir le SPG. Sna tuarascálacha tíre, ní raibh sé go hiomlán soiléir i gcónaí cad iad na forálacha sonracha soláthair phoiblí ghlais le haghaidh cupáin phlaisteacha aon úsáide le haghaidh deochanna agus coimeádáin bhia phlaisteacha aon úsáide.
- Ionstraimí chun lascainí a áirithiú do thomhaltóirí a úsáideann roghanna malartacha in-athúsáidte (12 ionstraim i gcás cupáin le haghaidh deochanna agus 7 n-ionstraim i gcás coimeádáin bhia). Is minic a bhí na bearta sin deonach, agus i gcásanna áirithe cuireadh i bhfeidhm iad ar an leibhéal fonáisiúnta.
- Tobhaigh ar ghnólachtaí a chuireann an cineál sin míre ar an margadh (11 thír), a bhí éigeantach go ginearálta agus a cuireadh i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta.
- Fóirdheontais / tobhaigh laghdaithe d'oibreoirí a bhfuil roghanna malartacha in-athúsáidte acu (bhí na fóirdheontais / tobhaigh sin ag 5 thír i gcás cupáin le haghaidh deochanna agus ag 6 thír i gcás coimeádáin bhia).

Ba iad seo a leanas na bearta ba mhinice chun feasacht a mhúscailt:

- feachtais chun feasacht a mhúscailt maidir le tionchair dhiúltacha a bhíonn ag cupáin phlaisteacha aon úsáide le haghaidh deochanna/coimeádáin bhia phlaisteacha aon úsáide ar an gcomhshaol (21 agus 20 tír, faoi seach);
- Roghanna malartacha inbhuanaithe ar choimeádáin bhia phlaisteacha aon úsáide (e.g. coimeádáin bhia in-athúsáidte) a chur chun cinn (bhí siad sin i bhfeidhm ag 20 tír le haghaidh cupán agus bhí siad sin i bhfeidhm ag 18 dtír le haghaidh coimeádáin bhia).

Ba iad seo a leanas na bearta ba mhinice chun roghanna malartacha inbhuanaithe a chur chun cinn:

- foinsí poiblí uisce óil saor in aisce a chur chun cinn agus daoine a spreagadh chun cupán is féidir a athlíonadh a thabhairt leo nó ól díreach ón sconna (16 thír);
- bearta lena gcuirtear chun cinn roghanna malartacha in-athúsáidte ar chupáin phlaisteacha aon úsáide le haghaidh deochanna agus ar choimeádáin bhia phlaisteacha aon úsáid i riaracháin phoiblí (bhí siad sin i bhfeidhm ag 16 thír i gcás cupáin le haghaidh deochanna agus ag 15 thír i gcás coimeádáin bhia);
- samhlacha gnó a chur chun cinn lena soláthraítear roghanna malartacha in-athúsáidte ar chupáin phlaisteacha aon úsáide le haghaidh deochanna agus ar choimeádáin bhia phlaisteacha aon úsáide (bhí siad sin i bhfeidhm ag 14 thír i gcás cupáin le haghaidh deochanna agus ag 13 thír i gcás coimeádáin bhia);
- bearta lena leagtar síos oibleagáidí nó dreasachtaí do ghnólachtaí chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) cupáin mhalartacha inbhuanaithe le haghaidh deochanna agus coimeádáin bhia mhalartacha inbhuanaithe a sholáthar ag an díolphointe don tomhaltóir deiridh (bhí siad sin i bhfeidhm ag 17 dtír i gcás cupáin le haghaidh deochanna agus ag 16 thír i gcás coimeádáin bhia); nó (ii) roghanna malartacha in-athúsáidte ar chupáin phlaisteacha aon úsáide le haghaidh deochanna agus ar choimeádáin bhia phlaisteacha aon úsáide a chur ar fáil do thomhaltóirí ag imeachtaí móra poiblí (13 thír).

Ba iad seo a leanas cineálacha eile beart a sheas amach:

- spriocanna cainníochtúla chun an sciar de chupáin phlaisteacha aon úsáide le haghaidh deochanna agus de choimeádáin bhia phlaisteacha aon úsáide a chuirtear ar an margadh agus a chuirtear ar fáil do thomhaltóirí a laghdú (bhí siad sin i bhfeidhm ag 15 thír i gcás cupán agus ag 14 thír i gcás coimeádáin bhia, féach Bosca 1 chun forbhreathnú a fháil);
- srianta ar úsáid earraí plaisteacha aon úsáide agus deochanna á riaradh nó bia á riaradh ar thomhaltóirí (bhí siad sin i bhfeidhm ag 10 dtír i gcás cupáin le haghaidh deochanna agus ag 9 dtír i gcás coimeádáin bhia).

I measc na mbeart eile a tuairiscíodh, nach raibh lánoiriúnach d'aon cheann de na catagóirí ar leith, bhí:

- tacaíocht airgeadais rialtais d'fheabhsú teicneolaíochta agus d'fhothú acmhainneachta le haghaidh roghanna malartacha ar tháirgí plaisteacha aon úsáide atá faoi réir srianta margaíochta;
- pleanáil straitéiseach agus treoirdhoiciméid;
- cruinnithe comhchéime a chur ar bun.

Féach na táblaí thíos chun forbhreathnú iomlán a fháil ar na bearta atá i bhfeidhm de réir catagóire agus fochatagóire:

| Cups for beverages-number of measures in force | AT | BE | BG | HR | CY | CZ | DK | EE | FI | FR | DE | GR | HU | IS | IE | IT | LV | LT | LU | MT | NL | NO | PL | PT | RO | SK | SL | ES | SE | Total measures in force | Total countries with measures in force |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Agreements between competent authorities and economic sectors pursuant to Article 17(3) of Directive (EU) 2019/904** | **0** | **0** | **1** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **1** | **0** | **0** | **1** | **0** | **0** | **0** | **2** | **0** | **0** | **1** | **0** | **0** | **1** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **7** | **6** |
| Agreements containing obligations on the economic operators [of the relevant economic sectors] to inform consumers or encourage consumers to use alternatives to SUP CfB or reuse systems | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 3 | 3 |
| Agreements containing quantitative targets to place reusable alternatives or plastic-free products on the market | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Agreements containing quantitative targets to reduce the number of SUP CfB placed on the market | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 3 | 3 |
| Other - Agreements not containing obligations on the economic operators [of the relevant economic sectors] to inform consumers or encourage consumers to use alternatives to SUP CfB or reuse systems | | | | | | | | | | | | | | | | 1 | | | | | | | | | | | | | | 1 | 1 |
| **Awareness raising measures [focused on SUP CfB]** | **3** | **5** | **1** | **2** | **2** | **2** | **1** | **2** | **2** | **5** | **1** | **1** | **0** | **1** | **3** | **3** | **3** | **3** | **3** | **2** | **3** | **0** | **1** | **1** | **1** | **2** | **1** | **0** | **2** | **56** | **26** |
| Campaigns to raise awareness of the negative environmental impacts of SUP CfB due to littering and other inappropriate waste disposal, including as part of litter clean-up campaigns | 1 | 1 | 1 | 0 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 3 | 0 | 1 | 0 | 1 | 1 | 2 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 1 | 24 | 21 |
| Other - Agreements with economic operators [of the relevant economic sectors] to inform about the impacts of SUP products | | | | | | | | | 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | 1 | 1 |
| Other - Awareness campaigns | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | 0 | | | | | 0 | 0 |
| Other - Educational programme in schools. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | 1 | | | | | 1 | 1 |
| Promotion of sustainable alternatives to SUP CfB (e.g. reusable beverage cups) | 1 | 4 | 0 | 1 | 1 | 1 | 0 | 1 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 | 1 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 22 | 19 |
| Promotion of venues connected to reusable schemes (e.g. “bring your own cup” schemes) | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 | 1 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 8 | 8 |
| **Economic instruments** | **5** | **2** | **1** | **2** | **0** | **2** | **4** | **3** | **3** | **5** | **3** | **3** | **1** | **3** | **4** | **4** | **5** | **2** | **2** | **1** | **3** | **1** | **3** | **3** | **1** | **3** | **3** | **3** | **4** | **79** | **28** |
| Deposit Refund schemes | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 9 | 9 |
| Extended producer responsibility obligations for producers of SUP CfB | 1 | 1 | 0 | 1 | 0 | 1 | 0 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 | 1 | 1 | 0 | 1 | 1 | 1 | 0 | 1 | 0 | 1 | 1 | 0 | 1 | 1 | 1 | 1 | 21 | 21 |
| Green Public Procurement | 1 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 2 | 2 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 16 | 14 |
| Instruments ensuring discounts for consumers buying or bringing their own reusable alternatives to SUP CfB | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 12 | 12 |
| Levies imposed on economic operators when placing SUP CfB on the market | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 1 | 2 | 12 | 11 |
| Other | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | 1 | | 1 | 0 |
| Other - Announcement for the provision of contributions for municipal initiatives to reduce waste production | | | | | | | | | | | | | | | | 1 | | | | | | | | | | | | | | 1 | 1 |
| Other - Government financial support for technology change and capacity building for alternatives to single-use plastic products that are subject to marketing restrictions and for companies producing substitutes. | | | | | | | | | | | | | 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | 1 | 1 |
| Subsidies or reduced levies for economic operators placing reusable alternatives to SUP CfB on the market | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 6 | 5 |
| **Marketing and use restrictions** | **0** | **4** | **0** | **2** | **0** | **0** | **0** | **1** | **0** | **3** | **2** | **0** | **0** | **1** | **0** | **4** | **2** | **0** | **1** | **1** | **1** | **0** | **0** | **3** | **0** | **3** | **0** | **0** | **2** | **30** | **14** |
| Other - Ban to deliver CfB free of charge ath the point of sale and cost visible to buyer | | | | | | | | | | | | | | 1 | | | | | | | | | | | | | | | | 1 | 1 |
| Restrictions on the making available of SUP CfB in certain specific locations (e.g. public beaches or parks) or by certain economic operators and public administrations | 0 | 2 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 4 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 11 | 7 |
| Restrictions on the placing on the market of SUP CfB in order to ensure that they are substituted with alternatives that are re-usable or do not contain plastic or contain less plastic as referred to in Article 4(1), third subparagraph, of Directive (EU) 2019/904 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 7 | 6 |
| Restrictions on the use of SUP CfB when serving drinks to consumers | 0 | 2 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 | 1 | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 11 | 10 |
| **Other** | | | | | | | | | **1** | | **1** | | | | | | | | | | | | | | | | | | | **2** | **2** |
| Plastics Roadmap for Finland: Reduce, refuse, recycle and replace | | | | | | | | | 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | 1 | 1 |
| Other | | | | | | | | | | | 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | 1 | 1 |
| **Promotion of sustainable alternatives to SUP CfB (including reusable plastic CfB)** | **5** | **9** | **3** | **2** | **0** | **1** | **1** | **5** | **2** | **4** | **7** | **2** | **0** | **2** | **9** | **11** | **5** | **6** | **5** | **4** | **3** | **0** | **6** | **6** | **2** | **4** | **3** | **2** | **3** | **112** | **26** |
| Measures establishing “bring-your-own” systems allowing consumers to bring their own cups for beverages | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 13 | 13 |
| Measures establishing obligations or incentives for economic operators to make reusable alternatives to SUP CfB available to consumers in large public events | 1 | 2 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 | 1 | 1 | 1 | 0 | 1 | 0 | 1 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 15 | 13 |
| Measures establishing obligations or incentives for economic operators to provide sustainable alternative CfB at the point of sale to the final consumer | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 | 0 | 1 | 17 | 17 |
| Measures promoting reusable alternatives to SUP CfB in public administrations | 1 | 2 | 1 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 3 | 0 | 1 | 1 | 0 | 1 | 0 | 2 | 1 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 19 | 15 |
| Other | | | | | | | | | | | 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | 1 | 1 |
| Other - Measures for economic operators to make reusable alternatives to SUP CfB available to consumers in large public events - other than obligations and incentives | | | | | | | | | | | | | | | | 1 | | | | | | | | | | | | | | 1 | 1 |
| Other - Promotion of bussiness models that provide alternatives to SUP CfB - other than reusable alternatives | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | 1 | | | | | 1 | 1 |
| Other- Economic operators to implement action plans to reduce the use of SUP CfB | | | | | | | | 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | 1 | 1 |
| Other- Guidance for reusable alternatives to SUP CfB in large events | | | | | | | | | | | | | | | 2 | | | | | | | | | | | | | | | 2 | 1 |
| Other- Measures providing guidance for the organization of large public events | | | | | | | | | | | 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | 1 | 1 |
| Promotion of business models that provide reusable alternatives to SUP CfB | 1 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 1 | 1 | 2 | 0 | 0 | 0 | 4 | 0 | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 | 19 | 14 |
| Promotion of free public sources of drinking water encouraging people to bring a refillable cup or drink from the tap | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 2 | 1 | 1 | 0 | 1 | 2 | 4 | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 | 0 | 1 | 2 | 0 | 1 | 0 | 1 | 0 | 22 | 16 |
| **Quantitative targets** | **2** | **0** | **0** | **0** | **0** | **1** | **1** | **0** | **0** | **2** | **0** | **1** | **0** | **0** | **2** | **1** | **1** | **0** | **0** | **0** | **1** | **1** | **0** | **1** | **1** | **0** | **1** | **1** | **2** | **19** | **15** |
| Quantitative targets for increasing the share of reusable alternatives to SUP CfB placed on the market and made available to consumers | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 5 | 5 |
| Quantitative targets for reducing the share of SUP CfB placed on the market and made available to consumers. | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 1 | 1 | 0 | 1 | 0 | 1 | 14 | 14 |

| Food containers-number of measures in force | AT | BE | BG | HR | CY | CZ | DK | EE | FI | FR | DE | GR | HU | IS | IE | IT | LV | LT | LU | MT | NL | NO | PL | PT | RO | SK | SL | ES | SE | Total measures in force | Total countries with measures in force |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Agreements between competent authorities and economic sectors pursuant to Article 17(3) of Directive (EU) 2019/904** | **0** | **2** | **1** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **3** | **2** | **0** | **1** | **0** | **0** | **0** | **2** | **0** | **0** | **1** | **0** | **0** | **1** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **13** | **8** |
| Agreements containing obligations on economic operators [of the relevant economic sectors] to inform consumers or encourage consumers to use alternatives to SUP FC or reuse systems | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 3 | 3 |
| Agreements containing quantitative targets to place reusable alternatives or plastic-free products on the market | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 | 2 |
| Agreements containing quantitative targets to reduce the number of SUP FC placed on the market | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 6 | 5 |
| Other - Agreements with economic operators [of the relevant economic sectors] to inform about the impacts of SUP products | | | | | | | | | 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | 1 | 1 |
| Other - Reducing the amount of packaging material and plastic | | | | | | | | | 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | 1 | 1 |
| **Awareness raising measures [focused on SUP FC]** | **3** | **4** | **1** | **2** | **0** | **2** | **1** | **2** | **2** | **5** | **1** | **1** | **0** | **2** | **2** | **3** | **3** | **3** | **3** | **2** | **3** | **0** | **1** | **1** | **1** | **2** | **1** | **0** | **2** | **53** | **25** |
| Campaigns to raise awareness of the negative environmental impact of SUP FC due to littering and other inappropriate waste disposal, including as part of litter clean-up campaigns | 1 | 1 | 1 | 0 | 0 | 1 | 1 | 1 | 1 | 3 | 0 | 1 | 0 | 1 | 2 | 2 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 24 | 20 |
| Other - Awareness campaigns | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | 0 | | | | | 0 | 0 |
| Other - Educational programme in schools. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | 1 | | | | | 1 | 1 |
| Promotion of sustainable alternatives to SUP FC (e.g. reusable food containers) | 1 | 2 | 0 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 1 | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 18 | 17 |
| Promotion of venues connected to reusable schemes (e.g. “bring your own food container” schemes) | 1 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 10 | 10 |
| **Economic instruments** | **4** | **3** | **1** | **1** | **1** | **1** | **3** | **3** | **3** | **5** | **3** | **3** | **1** | **4** | **2** | **3** | **5** | **2** | **2** | **1** | **2** | **1** | **2** | **2** | **1** | **2** | **3** | **2** | **3** | **69** | **29** |
| Deposit Return Schemes | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 5 | 5 |
| Extended producer responsibility obligations for producers of SUP FC | 1 | 1 | 0 | 1 | 1 | 1 | 0 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 | 1 | 1 | 0 | 1 | 1 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 | 1 | 1 | 1 | 21 | 21 |
| Green Public Procurement | 1 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 1 | 1 | 3 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 16 | 14 |
| Instruments ensuring discounts for consumers buying reusable alternatives to SUP FC | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 7 | 7 |
| Levies on economic operators placing SUP FC on the market | 0 | | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 1 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 1 | 1 | 1 | 11 | 11 |
| Other - Ban to deliver FC free of charge ath the point of sale and cost visible to buyer | | | | | | | | | | | | | | 1 | | | | | | | | | | | | | | | | 1 | 1 |
| Other - Government financial support for technology change and capacity building for alternatives to single-use plastic products that are subject to marketing restrictions and for companies producing substitutes. | | | | | | | | | | | | | 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | 1 | 1 |
| Subsidies or reduced levies for economic operators placing reusable alternatives to SUP FC on the market | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 7 | 6 |
| **Marketing and use restrictions** | **0** | **2** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **1** | **0** | **2** | **2** | **0** | **0** | **0** | **0** | **4** | **2** | **0** | **1** | **1** | **1** | **0** | **0** | **3** | **0** | **3** | **0** | **0** | **2** | **24** | **12** |
| Restrictions on the making available of SUP FC in certain specific locations (e.g. public beaches or parks) or by certain economic operators and public administrations | 0 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 4 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 10 | 6 |
| Restrictions on the placing on the market of SUP FC in order to ensure that they are substituted with alternatives that are reusable or do not contain plastic or contain less plastic as referred to in Article 4(1), third subparagraph, of Directive (EU) 2019/904 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 6 | 5 |
| Restrictions on the use of SUP FC when providing food to consumers | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 | 1 | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 8 | 8 |
| **Other** | | | | | | | | | **1** | | **1** | | | | | | | | | | | | | | | | | | | **2** | **2** |
| Plastics Roadmap for Finland: Reduce, refuse, recycle and replace | | | | | | | | | 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | 1 | 1 |
| Other | | | | | | | | | | | 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | 1 | 1 |
| **Promotion of sustainable alternatives to SUP FC (including reusable plastics)** | **6** | **8** | **3** | **1** | **0** | **2** | **0** | **4** | **2** | **3** | **7** | **1** | **0** | **1** | **5** | **9** | **6** | **6** | **5** | **3** | **3** | **0** | **4** | **3** | **2** | **2** | **3** | **1** | **4** | **94** | **25** |
| Measures establishing “bring-your-own” systems allowing consumers to bring their own food container | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 13 | 13 |
